



Preas agus Eolas

Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh  
**Preaseisiúint Uimh. 1/2020**  
Lucsamburg, 13 Eanáir 2020

Éisteacht shollúnta na Cúirte Bhreithiúnais

## **Gealltanais Sollúnta den Uachtarán agus de Chomhalta an Choimisiúin Eorpaigh arna thabhairt os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh**

I rith éisteacht shollúnta os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, inniu ar a trí a chlog, mhionnaigh Uachtarán agus Comhalta an Choimisiúin Eorpaigh an gealltanais sollúnta a leagtar síos sna Conarthaí, i láthair a Mhórgachta Ríoga, an tArd-Diúc, an Uachtaráin ar Theach na dTeachtaí d'Ard-Diúcacht Lucsamburg, Fernand ETGEN agus Phríomh-Aire Ard-Diúcacht Lucsamburg, Xavier BETTEL. Sular mhionnaigh an tUachtarán agus Comhalta an Choimisiúin an gealltanais sollúnta seo, thug Koen LENAERTS, Uachtarán Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, aitheasc don lucht féachana (féach an larscríbhinn).

Rinne na daoine seo a leanas an gealltanais sollúnta : Ursula von der LEYEN, Uachtarán, Frans TIMMERMANS, Leasuachtarán Feidhmiúcháin, Margrethe VESTAGER, Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin, Valdis DOMBROVSKIS, Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin, Josep BORRELL FONTELLES, Ard-Ionadaí/Leas-Uachtarán, Věra JOUROVÁ, Leas-Uachtarán, Dubravka ŠUICA, Leas-Uachtarán, Margaritis SCHINAS, Leas-Uachtarán, agus Johannes HAHN, Mariya GABRIEL, Nicolas SCHMIT, Paolo GENTILONI, Janusz WOJCIECHOWSKI, Thierry BRETON, Elisa FERREIRA, Stella KYRIAKIDES, Didier REYNDEERS, Helena DALLI, Ylva JOHANSSON, Janez LENARČIČ, Adina VĂLEAN, Olivér VÁRHELYI, Jutta URPIILAINEN, Kadri SIMSON, Virginijus SINKEVIČIUS.

In ainneoin nach leagtar síos cur chuige sonracha i leith an ghealltanais shollúnta sna Conarthaí, chuir an Coimisiún an-tábhacht i gcónaí leis go dtabharfaí an gealltanais sollúnta os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. D'athadhain an Coimisiún nua a dhlúth-leanúnachas ar an traidisiún úd trí theacht os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh go sciobtha cúpla seachtain i ndiaidh a bheith tosaithe ar a chuid gníomhaíochtaí.

Is é seo a leanas an gealltanais sollúnta a thug an tUachtarán agus Comhaltaí an Choimisiúin Eorpaigh:

"I ndiaidh dom bheith ceaptha mar Chomhalta den Choimisiún Eorpach ag an gComhairle Eorpach tar éis an vóta um thoilíú ag Parlaimint na hEorpa, dearbhaím go sollúnta:

go n-urramóidh mé na Conarthaí agus an Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh i gcomhall m'fheidhmeanna;

go mbeidh mé neamhspleách ar fad i bhfeidhmiú mo fhreagrachtaí, chun leas ginearálta an Aontais;

nach n-iarrfaidh agus nach nglacfaidh mé teagasc ó aon rialtas, ó aon institiúid, ó aon chomhlacht, ó aon oifig nó ó aon ghníomhaireacht i gcomhlíonadh mo chúraimí.

go staonfaidh mé ó aon ghníomh nach luíonn le m'fheidhmeanna nó le comhlíonadh mo chúraimí.

Tugaim faoi deara go foirmiúil an oibleagáid a leagtar síos sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, trína ngeallann gach Ballstát go n-urramóidh siad an prionsabal seo agus nach bhféachfaidh siad le tionchar a oibriú ar Chomhaltaí an Choimisiúin i gcomhlíonadh a gcúraimí dóibh.

Ar a bharr sin, dearbhaím go n-urramóidh mé, le linn mo théarma oifige agus ina dhiaidh, na hoibleagáidí a leanann as m'oifig agus go háirithe mo dhualgas chun bheith ionraic stuama i dtaobh ceapacháin nó sochair áirithe a ghlacadh tar éis dom scor as oifig".

---

*Doiciméad neamhoifigiúil á úsáid ag na meáin, nach gceanglaíonn an Chúirt Bhreithiúnais.*

*Teagmháil na meán: Jacques Zammit ☎ (+352) 4303 3355*

*Tá pictiúir ón éisteacht shollúnta ar fáil ar ["Europe by Satellite"](#) ☎ (+32) 2 2964106*

## **Éisteacht Shollúnta an 13 Eanáir 2020**

### **Aitheasc ón Uachtarán Lenaerts**

Foráiltear sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, le hAirteagal 245, go dtabharfaidh comhaltaí an Choimisiúin gealltanas sollúnta, ar dhul i mbun a ndualgas dóibh, go n-urramóidh siad, le linn a dtéarma oifige agus ina dhiaidh, na hoibleagáidí a leanann as a n-oifig.

In ainneoin nach ndéantar foráil shonrach ina leith, tá sé mar chleachtas seanbhunaithe go dtabharfar an gealltanas sollúnta seo os comhair na Cúirte Breithiúnais. Tá déshiombalachas ag baint leis an gcleachtas seo lena leagtar béim ar an tiomantas láidir d'urramú an dlí atá mar shaintréith de chuid an Aontais Eorpaigh agus d'fheidhmiú a institiúidí, lena n-áirítear an Coimisiún. Ina theannta sin, cuireann an cleachtas seo béim ar an tábhacht a bhaineann leis na cúraimí a iarrtar ar an gCoimisiún tabhairt fúthu i gcomhréir leis na Conarthaí.

Tá cothromaíocht mhaith le feiceáil i gColáiste na gCoimisinéirí nua seo, atá ar tí a ngealltanas sollúnta a thabhairt os comhair na Cúirte: 12 bhean agus 15 fhear; idir dhaoine a bhí mar Choimisinéirí roimhe seo agus daoine cumasacha nua; roinnt daoine le taithí mar Phríomh-Airí nó mar Airí, iarpharlaiminteoirí ar leibhéal Eorpach agus ar leibhéal náisiúnta, daoine iomráiteacha ón réimse eacnamaíoch agus ó réimse an airgeadais agus iarbhuanionadaithe chuig an Aontas Eorpach fiú.

Foireann atá ann, mar sin, ag a bhfuil na scileanna riachtanacha chun dul i ngleic go héifeachtach leis na dúshlán atá le sárú ag an Aontas Eorpach i láthair na huaire agus ba mhian liom na príomhdhúshlán a lua anois.

Ar an gcéad dul síos, de dheasca thoradh reifreann an 23 Meitheamh 2016 maidir le ballraíocht na Ríochta Aontaithe san Aontas Eorpach, in ainneoin gur rogha dhaonlathach atá i gceist, tá an tAontas sáite i staid atá mar ábhar díomá dúinn mar Eorpaigh agus atá go hiomlán gan fasach i stair lánpháirtithe na hEorpa. Má tharlaíonn *Brexit*, agus gach cosúlacht ann anois go dtarlóidh amhlaidh, ar an 31 Eanáir, iarrfar ar an gCoimisiún, gan amhras, ról an-tábhachtach a ghlacadh chun a áirithiú gur féidir leis an Ríocht Aontaithe tarraingt siar ar bhealach rianúil, trí bhainistíocht a dhéanamh ar an idirthréimhse a fhoráiltear sa Chomhaontú um Tharraingt Siar chomh maith leis an gcineál caidrimh agus le hábhar an chaidrimh a bheidh ann amach anseo idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe a shocrú.

Ar an dara dul síos, tá borradh ag teacht ar iarrachtaí – ar an leibhéal áitiúil, náisiúnta, Eorpach agus domhanda – chun feachtas a mhúscailt maidir le feiniméan an athraithe aeráide agus an tionchar, tionchar atá níos feiceálaí agus atá mar chúis inní murab ionann agus riamh, atá aige ar na héiceachórais agus ar an mbithéagsúlacht agus, ar ndóigh, ar shláinte an duine. Tá dlúthbhaint ag an bhfeachtas domhanda feachtas poiblí leis na hiarrachtaí chun teacht ar shamhail-sochaí agus ar shamhail-fhorbairt níos “inmharthana” agus níos “inbhuanaithe” ó thaobh an chomhshaoil agus fuinnimh de.

I dtaca leis an méid sin, tá sé mar dhíol sásaimh dúinn an luas lena bhfuil tosaíocht socraithe ag an gCoimisiún nua don cheist seo – nó fiú tús áite – ar a chlár oibre. Is éard atá i gceist agam ná ‘an

Comhaontú Glas don Eoraip’ (‘European Green Deal’), comhaontú uailmhianach, a fógraíodh ar an 11 Nollaig seo caite – cúpla lá i ndiaidh do Choláiste nua na gCoimisinéirí teacht i réim – ag a bhfuil sé mar aidhm go mbainfidh an tAontas Eorpach ‘neodracht carbóin’ amach faoi 2050.

Ina theannta sin, tá mórdhúshlán romhainn chun bainistíocht a dhéanamh ar an ngéarchéim imirce atá ag brú ar an mór-roinn seo le deich mbliana anois. Tá an ghéarchéim sin ar cheann de na hábhair is mó atá ag déanamh inní do shaoránaigh Eorpacha agus í mar spreagadh le vótáil agóide agus leis an gclaoonadh chun féiniúlacht chaolta ina lán Ballstát. Is ábhar conspóideach í a bhíonn ina foinse teannais, teannas a éiríonn géar scaití, idir na Ballstáit sin. Dúshlán mór atá roimh na hinstiúidí polaitiúla ná an teannas sin a mhaolú trí bhearta a mholadh atá, de réir mar a leagtar amach in Airteagal 67(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, bunaithe ‘ar an dlúthpháirtíocht idir Bhallstáit a thugann cothrom na féinne do náisiúnaigh tríú tíortha’.

Le déanaí, bhí inní ann i dtaobh urraim an smachta reachta, an daonlathais, saoirsí agus cearta bunúsacha i roinnt Ballstát agus tháinig a lán cásanna, go háirithe i bhfoirm iarratais ar réamhrialú, os comhair na Cúirte. Mar a luaigh tú cheana, a Uachtarán, i do Chlár Gníomhaíochta, is é ‘saintréith an Aontais’ na luachanna sin, agus seasfaimid an fód ina leith sin gan mhaolú gan ghéilleadh.

Tá géarchéim na himirce agus na cásanna a bhaineann leis an smacht reachta ar na cúiseanna is mó le hEoraisceipteachas an lae inniu. Sna blianta seo atá romhainn, beidh ar an gCoimisiún agus ar na hinstiúidí Eorpacha i gcoitinne a ndícheall a dhéanamh tuilleadh béime fós a chur ar fhiúntas breise an Aontais Eorpaigh ina gcuid cumarsáide leis na saoránaigh, agus sin a dhéanamh go cruinn simplí. Is é a fhollasaí is atá fiúntas breise an Aontais Eorpaigh gurb amhlaidh go dtiocfaidh sé slán in ainneoin aon bhréagnuacht nó iarrachtaí a chlú a mhilleadh.

Go bunúsach, a bhuí le lánpháirtiú na hEorpa, rinneadh de mhór-roinn a bhí réabtha ag cogaí leis na céadta, réimse síochánta rathúil, áit nach ndéantar coincheapa díomhaoine de chearta agus saoirsí an duine agus luachanna an daonlathais. Ní hamháin sin, ach is í an Eoraip atá taobh thiar den fheabhas as pabhar atá tagtha ar chaighdeáin mhaireachtála na saoránach i ngach uile Bhallstát, cibé acu an é Ballstát is bunaitheoir atá i gceist nó Ballstát a tháinig isteach san Aontas Eorpach níos déanaí.

Thairis sin, más é ár mian go mbeidh cáil ar an Aontas Eorpach as a chothroime, ní mór dúinn troid in aghaidh na calaoise cánach agus sóisialaí. Mar gheall ar chásanna dá leithéid, is amhlaidh nach dtugtar faoi deara na tairbhí doshéanta atá i gceist leis an mórmhargadh Eorpach do shaoránaigh agus do ghnóthais araon. Ní rachfar i muinín shamhail eacnamaíochta na hEorpa, ar toradh de phróiseas lánpháirtithe agus chóineasú na ndlíthe náisiúnta é, a thóg na blianta, ach ar chuntar go ndéanfar leis an tsamhail sin cuspóirí an rathúnais, an chothromais cánach agus an cheartais shóisialta araon a ghnóthú.

Dúshlán eile a chuirtear faoin Eoraip ná claochlú digiteach na sochaí. Is iomaí ceist chigilteach a eascraíonn ó fhorbairt na teicneolaíochta faisnéise, go háirithe i dtaobh príobháideachas agus sonraí pearsanta a chosaint agus an tslándáil agus an eitic a dhaingniú.

Faoi dheireadh, ní mór-roinn leithliseach í an Eoraip mar cothaíonn sí caidrimh dhéthaobhacha agus iltaobhacha leis an domhan mór. Is trí idirphlé cuiditheach amháin lenár gcomhpháirtithe a chinnteofar go ndéanfar na dúshláin a bhaineann le rathúnas meántéarmach agus fadtéarmach ár mór-roinne, leis an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta agus le forbairt inbhuanaithe a shárú.

Is mian liom anois a mheabhrú a thábhachtaí agus atá ról Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, atá ina Leas-Uachtarán de chuid an Choimisiúin chomh maith. Tháinig an ról seo, a cruthaíodh le Conradh Liospóin, chun ról an Ardionadaí don Chomhbheartas Eachtrach agus Slándála, a bhí ann roimhe sin, a dhaingniú agus a neartú, ó cuimsíonn an ról nua sin gach réimse inniúlachta de bheartas seachtrach an Aontais.

Ó tharla gur minic a bhíonn ceisteanna slándála, eacnamaíochta, imirce agus aeráide fiú fite fuaite le chéile, tá tábhacht ar leith le saineolas agus ‘forléargas’ an Ardionadaí ar mhaithe le comhleanúnachas ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais a chinntiú. Ina theannta sin, ó cuireann sí ar chumas an Aontais Eorpaigh labhairt d’aon ghuth os comhair an domhain mhóir, treisíonn an tArdionadaí seasamh an Aontais Eorpaigh mar thacadóir mór na síochána agus na slándála ar fud an domhain, go háirithe i dtaobh coimhlíntí idirnáisiúnta a réiteach.

Bearta cuí, atá ag luí le cuspóirí agus bunluachanna thionscadal na hEorpa, atá ag teastáil mar fhreagairt ar na ceisteanna casta cigilteacha sin a mbeidh ar an gCoimisiún tabhairt fúthu, agus fós é ag troid in aghaidh gach foirme de neamhchomhionannas, ag gníomhú gan stad gan staonadh in aghaidh na sceimhlitheoireachta, na coiriúlachta agus réimeanna is údar le coireanna in aghaidh na daonnachta agus le sárú ar chearta an duine.

Is faoi fhreagracht choiteann na mBallstát agus institiúidí an Aontais trí chéile aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna sin, go háirithe ar na ceisteanna a bhaineann leis an smacht reachta a shlánú agus cearta bunúsacha a chosaint.

Sa chomhthéacs sin, tá ról lárnach ag an gCoimisiún, mar ‘chaomhnóir na gConarthaí’, agus an chumhacht aige dearbhú mainneachtana a iarraidh ar an gCúirt nó i gcás nach ndéantar breithiúnas de chuid na Cúirte a chomhlíonadh, pionóis a ordú.

Cibé acu an ngníomhaíonn an Coimisiún trí bhearta reachtaíochta nó breithiúnacha, fágfaidh sé a rian ar ghníomhaíochtaí chúirteanna an Aontais mar gheall ar an bhfairsingiú ar ábhar na gcásanna a thagann os a gcomhair.

Léiríonn sé sin an dlúthcheangal idir cúraimí an Choimisiúin agus cúraimí chúirteanna an Aontais. Mar institiúid pholaitiúil, déanann an Coimisiún leas ginearálta agus cur i bhfeidhm dhlí príomha agus tánaisteach an Aontais a chur chun cinn i gcónaí. Mar institiúid bhreithiúnach, daingníonn an Chúirt neamhchlaontacht, neamhspleáchas agus cothroime an cheartais sna réimsí atá clúdaithe ag dlí an Aontais. Tá na cuspóirí céanna á ngnóthú ag an dá institiúid sin: beartais éagsúla an Aontais a chur chun feidhme go comhchuí agus torthaí lánpháirtiú agus luachanna na hEorpa a athdhaingniú.

A Uachtaráin, a Chomhaltaí den Choimisiún,

Fágann bhur dtréithe pearsanta, an taithí phroifisiúnta atá faighte agaibh agus na freagrachtaí móra a mbíodh oraibh feadh bhur saoil ghairmiúil go dtí seo go bhfuil an mianach ceart ionaibh na dúshlán mhóra atá romhaibh a shárú agus na cúraimí nua a leagtar oraibh a chur i gcrích go rathúil.

In ainm na Cúirte agus a cuid Comhaltaí, tréaslaím libh ó mo chroí amach agus guím gach rath oraibh in bhur n-iarrachtaí ar son athbheochan na hEorpa agus ar mhaithe le haird a dhíriú ar a luachmhaire is atá an Eoraip do shaoránaigh agus do ghnóthais na mór-roinne seo.